

GA

E-004413/2021

Freagra ón gCoimisinéir Sinkevičius  
thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh  
(22.11.2021)

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do na céiticigh uile, amhail míolta móra agus deilfeanna, a chosaint. Tá toirmeasc laistigh den Aontas ar ghabháil nó marú céiticeach faoin Treoir maidir le Gnáthóga<sup>1</sup>. De bhun an Rialacháin AE maidir le Trádáil Fiadhúlra<sup>2</sup>, lena gcuirtear chun feidhme forálacha an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) san Aontas Eorpach, tá toirmeasc ar chéiticigh a thabhairt isteach sa Chomhphobal chun críche tráchtála go príomha.

Mar a luaigh an Coimisiún ina fhreagra comhphárteach ar cheisteanna E-004272/2021, E-004286/2021, E-004297/2021, E-004388/2021, níl feidhm ag dlí an Aontais maidir le hOileáin Fharó<sup>3</sup>. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag na gníomhartha thuasluaite maidir le hOileáin Fharó ná maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar ansin.

A mhéid a bhaineann le bearta idirnáisiúnta, cé go bhfuil an Danmhairg ina ball de CITES agus den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa araon, tá Oileáin Fharó eisiata ó raon feidhme an dá choinbhinsiún sin. Thairis sin, níl fiach na gcéiticeach beag á rialú faoi láthair ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, agus an limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine, ina liostaítear píolótaigh fhadeiteacha agus deilfeanna bhánchliathánacha i bhFoscúbhinn II a ghabhann leis, níl feidhm ag an limistéar sin maidir le hOileáin Fharó.

Ní dócha go n-athróidh an creat dlíthiúil a bhfuil tuairisc air thuas sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma, ós rud é go mbeadh leasú ar na Conarthaí agus ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta ag teastáil chun é sin a dhéanamh.

Tá inní curtha in iúl cheana féin ag an gCoimisiún d'údarais na Danmhairge maidir leis an bhfiach bliantúil in Oileáin Fharó. Leanfaidh an Coimisiún freisin de bheith ag obair le Ballstáit an Aontais chun tacú le hiarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra dul i ngleic leis na bagairtí atá ar chéiticigh bheaga.

---

<sup>1</sup> Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga, IO L 206, 22.7.1992, lgh. 7–50.

<sup>2</sup> Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil, IO L 61, 3.3.1997, lgh. 1–69.

<sup>3</sup> De réir Airteagal 355(5)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.